An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0018/2024**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**
**agus**
**Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Teastas Iarchéime in Oideachas Uathachais do mhúinteoirí atá ag obair le Daltaí a bhfuil Uathachas orthu i Scoileanna Speisialta, Ranganna Speisialta nó mar Mhúinteoirí Oideachais Speisialta i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna príomhshrutha, 2024/2025

## Réamhrá

Beidh sé mar aidhm ag an gclár seo forbairt ghairmiúil theoiriciúil agus phraiticiúil shuntasach a sholáthar do mhúinteoirí agus iad ag obair le daltaí a bhfuil uathachas orthu agus, dá réir sin, cur le hacmhainn fhoriomlán na scoile sa réimse sin.

## An Clár 2024- 2025

Sa scoilbhliain 2024 – 2025 cuirfear Teastas Iarchéime in Oideachas Uathachais ar fáil in Institiúid Oideachais OCBÁC, OCBÁC Campas Naomh Pádraig, Droim Chonrach, Baile Átha Cliath 9. Beidh an Clár ar siúl ó mhí Mheán Fómhair 2024 go dtí go tús mhí na Bealtaine 2025.

Déan iarratas ar líne trí www.dcu.ie/ise/gceas

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas ná an **15 Aibreán 2024**.

Tá ocht n-áit déag ar fáil ar an gclár don bhliain 2024/2025.

## Maoiniú

Tá maoiniú don chlár á sholáthar ag an Rannóg um Oideachas Múinteoirí sa Roinn Oideachais.

## Aidhm agus Ábhar

Beidh sé mar aidhm ag an gclár oiliúint ghairmiúil theoiriciúil agus phraiticiúil shuntasach a sholáthar do mhúinteoirí agus iad ag obair le daltaí a bhfuil uathachas orthu agus, dá réir sin, cur le hacmhainn fhoriomlán na scoile sa réimse sin. Bronnfaidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath cáilíocht i bhfoirm Teastas Iarchéime. Déanfar rannpháirtithe a mheas ar bhonn **tinreamh iomlán agus rannpháirtíocht iomlán** i ngach gné den chúrsa. Cuirtear in iúl d'iarrthóirí go bhféadfadh sé gur ghá taifeadtaí i gcomhair tascanna. Tá tuilleadh sonraí faoin gcúrsa agus faoi chosaint sonraí ar fáil ar an leathanach gréasáin seo a leanas https://www.dcu.ie/courses/postgraduate/institute-education/graduate-certificate-autism-education

## Fad agus Eagar

Is clár de chuid Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) Leibhéal 9, aon bhliana, páirtaimseartha é seo a dhéanfar a sholáthar ó mhí Mheán Fómhair 2024 go dtí mí na Bealtaine 2025 agus tá 5 mhodúl ann. Déantar na modúil sin a mheas trí thascanna praiticiúla agus scríofa go dtí caighdeán Leibhéal 9. Sa chlár seo, is gá go scaoilfí rannpháirtithe saor óna gcuid scoileanna ar feadh trí seachtaine den bhliain acadúil (seachtain amháin i mí Mheán Fómhair, seachtain amháin i mí na Samhna agus seachtain amháin i mí Feabhra). Tá léachtaí agus ranganna teagaisc tráthnóna i gceist (1-2 sa mhí) a reáchtáiltear de ghnáth Dé Máirt, agus dhá bhreathnú cleachtais i do scoil, á gcur i gcrích ag comhaltaí den dámh.

Déantar an cúrsa a sholáthar mar shamhail chumaisc trí fhoghlaim ar an gcampas ag Institiúid Oideachais OCBÁC, Campas Naomh Pádraig agus trí ghníomhaíochtaí sioncronacha agus aisioncronacha ar líne.

## Incháilitheacht

Tabhair do d'aire nach mór do na múinteoirí go léir a bheith cláraithe i gcomhréir le hAlt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015. Tagair, le do

thoil, do shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Tá an clár seo ar fáil do mhúinteoirí cláraithe **a bhfuil post acu atá maoinithe faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus atá ag obair faoi láthair le daltaí a bhfuil uathachas orthu nó a bheidh ag obair le daltaí a bhfuil uathachas orthu le linn fhad an Chláir i mBunscoileanna aitheanta lena n-áirítear Scoileanna Speisialta agus Iar-Bhunscoileanna aitheanta.** Rinneadh an clár a dhearadh go sonrach chun cuidiú le múinteoirí sa teagasc agus freastal a dhéanamh ar riachtanais foghlama agus teagaisc daltaí a bhfuil uathachas orthu**.** Mar sin, ní mór go mbeadh ról teagaisc suntasach le daltaí a bhfuil uathachas orthu ag iarratasóirí ionchasacha.

Bunscoileanna:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin[1] ón gComhairle Mhúinteoireachta a uaslódáil, nuair a bheidh a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má tá an réimse "Bealach" fágtha bán beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun teagasc in earnáil phríomhshrutha na bunscoile nó chun daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a theagasc.

Ba chóir próiseas ionduchtúcháin aitheanta a bheith comhlánaithe go rathúil ag iarrthóirí ó Bhunscoileanna i gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfoilseachán Cleachtas Gairmiúil Iar-cháilíochta https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2023/09/The-Teaching-Council-Practice-Procedures-and-Criteria-2023-2024.pdf agus go mbeadh post ceadaithe acu i réimse den oideachas speisialta nó go mbeidís ag tabhairt faoi phoist den chineál sin i mí Mheán Fómhair 2024.

Iar-bhunscoileanna:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin (féach fonóta thíos) ón gComhairle Mhúinteoireachta a uaslódáil, nuair a bheidh a bhfoirm iarratais ar líne á cur isteach acu. Má tá an réimse "Bealach" fágtha folamh beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun teagasc in earnáil phríomhshrutha na hiar-bhunscoile nó chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a theagasc in earnáil na hiar-bhunscoile.

[1] Tá Teastais Chlárúcháin ar fáil le híoslódáil ach logáil isteach ar an Roinn Mo Chlárúchán ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie

Ba chóir próiseas ionduchtúcháin aitheanta a bheith comhlánaithe go rathúil ag iarrthóirí ó Iar-Bhunscoileanna i gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfoilseachán Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta. https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2023/09/The-Teaching-Council-Practice-Procedures-and-Criteria-2023-2024.pdf

Scoileanna Speisialta:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin [2] ón gComhairle Mhúinteoireachta a uaslódáil, nuair a bheidh a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má tá an réimse "Bealach" fágtha bán beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach chun teagasc in earnálacha príomhshrutha na hiar-bhunscoile nó daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a theagasc in earnáil na bunscoile nó na hiar-bhunscoile nó chun teagasc i suíomhanna scoileanna speisialta.

Ba chóir próiseas ionduchtúcháin aitheanta a bheith comhlánaithe go rathúil ag iarrthóirí ó Scoileanna Speisialta i gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfoilseachán Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta. https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2023/09/The-Teaching-Council-Practice-Procedures-and-Criteria-2023-2024.pdf

Úsáid Múinteoirí atá ag Tabhairt faoin gClár Teastais Iarchéime:

Fad agus atá an clár seo á chur i gcrích ag múinteoirí agus ar feadh tréimhse réasúnta i ndiaidh don chlár a bheith críochnaithe acu, moltar do bhainistíocht scoileanna i ngach cineál scoile aitheanta gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go leanann daltaí a bhfuil uathachas orthu ag baint leas as eolas agus saineolas an mhúinteora sa réimse sin, trí fhoghlaim agus teagasc daltaí a bhfuil uathachas orthu a shannadh don mhúinteoir lena mbaineann. D'fhéadfadh cleachtais chomhoibríocha, ar nós teagasc foirne, a bheith mar chuid de na socruithe seo freisin.

Nuair atá múinteoir á (h)ainmniú chun a bheith rannpháirteach, ní mór do phríomhoide na scoile gealltanas a thabhairt go dtabharfar ról suntasach don mhúinteoir maidir le daltaí a bhfuil uathachas orthu a theagasc ar feadh thréimhse

[2] Tá Teastais Chlárúcháin ar fáil le híoslódáil ach logáil isteach ar an Roinn Mo Chlárúchán ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie

an chláir, agus ar feadh tréimhse réasúnach sa todhchaí, i gcomhréir le riachtanais na ndaltaí sa scoil. Ba cheart go ndéanfaí an ról suntasach teagaisc seo san oideachas speisialta a léiriú sa bhealach a ndéantar an múinteoir a úsáid/a chur ar an tráthchlár.

Chun a bheith rannpháirteach sa chlár, beidh sé riachtanach do mhúinteoirí rochtain a bheith acu ar ríomhaire agus ar an idirlíon.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara gur gá fianaise ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith curtha i gcrích chun páirt a ghlacadh sa chúrsa.

## Iarratais agus Roghnú

Déantar iarratais ó iarrthóirí incháilithe atá ainmnithe ag údaráis a scoileanna a chur isteach ar líne ag www.dcu.ie/ise/gceas.

Is é an **15 Aibreán 2024** an spriocdháta d'iarratais.

De ghnáth, ní ghlacfar le hiarratais ó níos mó ná múinteoir amháin as gach scoil a chomhlíonann na riachtanais mar atá leagtha amach sa Chiorclán seo.

Níl ar iarratasóirí ar an gclár seo freastal ar agallamh.

## Táillí

Ní bheidh táille ná costais chlárúcháin ar bith i bhfeidhm maidir le hiarratasóirí incháilithe faoi théarmaí an Chiorcláin seo.

## Taisteal agus Cothabháil

Cuirfear taisteal agus cothabháil ar fáil d'aon cheann de na gnéithe aghaidh-ar-aghaidh den chlár de réir Chiorclán 11/82 de chuid na Roinne Airgeadais um Thaisteal agus Cothabháil. Tá na rátaí taistil agus cothabhála uasdátaithe taifeadta i gCiorclán 19/2023 do rátaí Cothabhála Intíre agus i gCiorclán 16/2022 do rátaí Taistil Gluaisteáin. Tabhair do d'aire, i gcás taistil agus cothabhála ar bith atá dlite faoin gCiorclán seo, go bhfuil an ráta oiliúna infheidhme.

## Saoire Phearsanta Bhreise

Ní cheadófar laethanta saoire pearsanta breise (EPV) ar bith i dtaca le freastal ar an gcúrsa seo

## Ionadaíocht

Ceadófar ionadaíocht, a gcaithfidh údarás bainistíochta na scoile/BOO í a cheadú. Ní mór go measfaí go bhfuil an ionadaíocht riachtanach chun tréimhsí neamhláithreachta ceadaithe an mhúinteora ó dhualgas teagaisc a chlúdach chun freastal ar an gcúrsa. Ní mór don scoil doiciméid ón gcoláiste ina sonraítear mionsonraí na neamhláithreachta a choinneáil. **Ba cheart a thabhairt faoi deara nach soláthróidh an Roinn Oideachais clúdach ionadaíochta íoctha i gcás go dtógfaidh múinteoir saoire phearsanta le linn ghné bhlocscaoilte an Chláir.**

## Socruithe Tuarastail

Leanfar ag íoc tuarastail ar an ngnáthbhealach le gach múinteoir a scaoiltear saor óna scoil faoi théarmaí an Chláir seo.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbeidh teidlíocht ar bith i dtaca le híocaíocht bhreise ón Roinn Oideachais i gceist má chríochnaítear an clár seo go rathúil.

## Clár Máistreachta

Nuair a bheidh an Teastas Iarchéime san Oideachas Uathachais críochnaithe go sásúil d'fhéadfadh sé go mbeadh múinteoirí incháilithe le cur isteach ar an Máistreacht san Oideachas san Uathachas (M.Oid. san Uathachas) ag Institiúid Oideachais OCBÁC.

**Jill Fannin,**
**Príomhoifigeach**

**14 Márta 2024**